Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2015**
**(OR. en)**

**9798/15**

**JAI 442**
**COSI 67**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Council |
| Ábhar: | Draft Council Conclusions on the Renewed European Union Internal Security Strategy 2015-2020 |

Iarrtar ar an gComhairle na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a fhormheas mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

IARSCRÍBHINN

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN STRAITEIS ATHNUAITE SLÁNDÁLA IMHEÁNAÍ DON AONTAS EORPACH 2015-2020**

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI AR an ngá atá ann go ndéanfaidh an tAontas Eorpach a chion féin chun saoránaigh na hEorpa a chosaint ar na bagairtí méadaitheacha atá ann go háirithe de bharr na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí eagraithe,

Ag MEABHRÚ DI gur iarr an Chomhairle Eorpach, an 26 agus an 27 Meitheamh 2014[1], tráth a raibh na Treoirlínte Straitéiseacha á sainiú aici don straitéis reachtach agus oibríochtúil i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais i gcomhréir le hAirteagal 68 CFAE, go ndéanfaí an Straitéis Slándála Inmheánaí a athbhreithniú agus a nuashonrú faoi lár 2015,

AGUS Ráiteas Comhpháirteach Ríge dar dáta 29-30 Eanáir 2015 á CHUR SAN ÁIREAMH aici, lenar cuireadh i dtreis a riachtanaí agus a thábhachtaí atá sé cur chuige comhleanúnach, agus é comhordaithe ar bhealach éifeachtach, a bheith ag an Aontas Eorpach do na blianta amach anseo chun dul i ngleic leis na bagairtí ilghnéitheacha agus idirnasctha ar shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh, agus, i ndáil leis sin, d'aibhsigh sí ról na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020,

AGUS AN RÁITEAS dar dáta 12 Feabhra 2015 ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí á MEABHRÚ DI lenar aibhsíodh an tiomantas chun gníomhú tuilleadh i gcoinne bagairtí sceimhlitheoireachta, i gcomhréir iomlán le cearta an duine agus leis an smacht reachta agus lena dtugtar treoir chun oibriú ar mhaithe le slándáil na saoránach a áirithiú, an radacú a chosc agus luachanna a chosaint agus oibriú i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta,

AGUS na cinntí á dTABHAIRT DÁ hAIRE aici, cinntí a glacadh ag an gComhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, an 12 Márta 2015[2]inar sainaithníodh ceithre ghar-réimse tosaíochta chun an sceimhlitheoireacht a chloí .i. cur i bhfeidhm athneartaithe chreat Schengen, feabhas a chur ar an gcumas tarchuir ar an idirlíon, gáinneáil aindleathach arm tine a chomhrac chomh maith le faisnéis a roinnt níos fearr agus an comhar oibríochtúil a threisiú,

[1] EUCO 79/14
[2] 6891/15

AGUS an leanúnachas gníomhaíochtaí Á MEABHRÚ DI AGUS Á ÁIRITHIÚ AICI sa Straitéis Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach: "Faoi thuairim Samhail don tSlándáil Eorpach"[3] a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 25-26 Márta 2010, an Teachtaireacht ón gCoimisiúin maidir le "Straitéis Slándála Inmheánaí AE i mbun Gnímh: Cúig chéim chun Eoraip níos sláine a réadú"[4], na Conclúidí ón gComhairle i dtaca leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach i mbun gnímh, a ghlac an Chomhairle an 24-25 Feabhra 2011,[5]

AG MEABHRÚ DI go háirithe treoirphrionsabail na Samhla Slándála Eorpaí,

AG TÓGÁIL ar na Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt a dhéanamh ar an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach an 4-5 Nollaig 2014[6], ina ndéantar foráil do thacar cuimsitheach prionsabal,

An Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2014[7]Á AITHINT AICI,

AG AITHINT DI an obair shuntasach a dhéanann na Ballstáit, agus an tslándáil náisiúnta ina freagracht i gcónaí ar gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 4(2) CFAE,

AG MEABHRÚ DI an tábhacht a bhaineann le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, agus AIRD Á TABHAIRT AICI gur gá don Aontas Eorpach díriú isteach ar na gníomhaíochtaí sin ag a bhfuil breisluach soiléir i leith iarrachtaí leanúnacha na mBallstát i réimse shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AR an ngá atá leis na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a urramú agus a chur chun cinn, mar a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad, laistigh den Aontas Eorpach agus san obair uile a dhéantar chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú agus a chothabháil,

[3] 7120/10
[4] 16797/10
[5] 6699/11
[6] 15670/14
[7] 2014/2918

AG LEAGAN BÉIME DI an bhfíorthábhacht atá lena áirithiú go gcomhlíonfar na cearta bunúsacha ina n-iomláine, lena n-áirítear na cearta a bhaineann le príobháideacht, cosaint sonraí pearsanta, rúndacht na cumarsáide agus prionsabail i ndáil le riachtanas, comhréireacht agus dlíthiúlacht le haghaidh gach birt agus tionscnaimh a ghlacfar chun slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh a chosaint,

AGUS ról lárnach an Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) Á ATHDHEARBHÚ AICI lena áirithiú go neartófar agus go gcuirfear an comhar oibríochtúil don tslándáil inmheánach chun cinn laistigh den Aontas Eorpach, mar a bhunaítear le hAirteagal 71 CFAE agus mar a leagtar síos é sa chinneadh ón gComhairle an 25 Feabhra 2010[8], chomh maith leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi mar a cuireadh i dtreis sa bhreac-chuntas faoin ról a bheidh ag COSI amach anseo[9],

AGUS ról tábhachtach Ghníomhaireachtaí CGB i leith rannchuidiú le slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh á AITHINT AICI,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá le hacmhainní imleora a chur ar fáil, laistigh de bhuiséad an Aontais mar atá sé, d'fhonn Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a chur chun feidhme agus d'fhonn úsáid éifeachtach agus straitéiseach a bhaint as an gCiste Slándála Inmheánaí agus as ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais Eorpaigh atá ar fáil chun tacú le tosaíochtaí na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020, lena n-áirítear trí uirlisí imleora beartais don tslándáil tionsclaíoch a fhorbairt agus trí ionstraimí a bhaineann le hathléimneacht agus bainistiú géarchéime a chur chun feidhme,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ról tábhachtach atá ag timthriall beartais AE maidir le coireacht idirnáisiúnta, thromchúiseach eagraithe a chomhrac[10] chun an comhar oibríochtúil a neartú agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú go mór leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a chur chun feidhme chomh maith lena áirithiú go mbeidh cur chuige réamhghníomhach faoi stiúir faisnéise coiriúla i ndáil leis sin ann,

---

8 2010/131/AE
9 7843/3/14
10 15358/10

Agus AIRD Á TABHAIRT ar thoradh an phlé ag COSI an 26 Márta 2015 agus ar an mbéim a cuireadh ar a riachtanaí atá sé leanúint den obair ar bhonn tosaíochtaí an Aontais sa chomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí agus na coireachta eagraithe sa tréimhse idir 2014 agus 2017[11] agus aird freisin ar an bplé a rinneadh ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Clár Oibre Eorpach maidir le Slándáil" ag an gcruinniú a bhí ag COSI an 7 Bealtaine 2015, i Ríge,

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS,

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an teachtaireacht ón gCoimisiún "Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil" agus is DÍOL SÁSAIMH di iarrachtaí an Choimisiúin chun na Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí an Aontais Eorpaigh an 4-5 Nollaig 2014 a chur san áireamh sa Teachtaireacht uaidh,

AONTAÍONN SÍ go ndéantar, leis na Conclúidí ón gComhairle an 4-5 Nollaig maidir le Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí AE a fhorbairt agus leis na Conclúidí seo ón gComhairle ina bhfuil na prionsabail a leagtar amach thíos agus atá bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil", Straitéis Slándála Inmheánaí an Aontais Eorpaigh do 2015-2020 a athnuachan,

CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur clár oibre comhroinnte de chuid na Comhairle, an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa é slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a dhaingniú agus, dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún oibriú i gcomhar leis an gComhairle sa chúram comhchoiteann sin,

CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH an rannchuidiú ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Straitéis Slándála Inmheánaí an Aontais Eorpaigh a athnuachan,

CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 ina clár oibre comhroinnte cuimsitheach, réalaíoch don Chomhairle, don Choimisiún agus do Pharlaimint na hEorpa, agus MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach cur chuige freagrúil agus oibríochtúil a fhorbairt agus an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 á cur chun feidhme,

[11] 9849/13

CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an gá atá ann, agus Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 á cur chun feidhme, a áirithiú go mbeidh comhleanúnachas agus comhsheasmhacht leis na heilimintí ábhartha den Teachtaireacht ón gCoimisiún "Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce", leis an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí "Cibearshlándáil an Aontais Eorpaigh: Cibearspás atá Oscailte, Sábháilte agus Slán" agus doiciméid ábhartha beartais eile, agus, i réimse ghné sheachtrach na slándála inmheánaí, leis an bpróiseas leanúnach machnaimh straitéisigh atá á stiúradh ag an Ardionadaí, arb é is aidhm leis straitéis Eorpach leathan maidir le ceisteanna eachtracha agus slándála a fhorbairt, agus obair an Ardionadaí as seo amach chun creat comhpháirteach a thíolacadh ina mbeadh moltaí inghníomhaithe chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus chun athléimneacht an Aontais Eorpaigh a chothú,

CUIREANN SÍ I bhFÁTH A THÁBHACHTAÍ atá sé go leanfaí le cur chuige gasta, solúbtha a bheadh á threorú ag faisnéis, agus trína mbeadh an tAontas Eorpach in ann freagairt ar bhealach cuimsitheach, comhordaithe do bhagairtí nua, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, agus dúshláin eile do shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh,

LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé do na gníomhaithe ábhartha uile i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá acu faoi seach cur le dálaí dearfacha slándála a mhúnlú laistigh den Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit mar aon le bearta coisctheacha a chur chun cinn, go háirithe trí chur chuige comhtháite, ildisciplíneach,

AONTAÍONN SÍ ar an ngá atá leis an gcomhtháthú sóisialta agus an cuimsiú sóisialta a chothú, lena ndírítear ar fheiniméain choiriúla a chosc,

AITHNÍONN SÍ GURB IAD SEO A LEANAS príomhthosaíochtaí shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh sna blianta beaga amach romhainn:

- dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht, an radacú don sceimhlitheoireacht agus an earcaíocht chuige chomh maith le maoiniú a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus iad a chosc, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheist na dtrodaithe eachtracha, slándáil teorann athneartaithe trí sheiceálacha córasacha agus comhordaithe a dhéanamh i gcoinne na mbunachar sonraí ábhartha, bunaithe ar mheasúnú riosca, chomh maith leis na gnéithe inmheánacha agus seachtracha den chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta a chomhtháthú,
- troid i gcoinne na coireachta tromchúisí agus na coireachta eagraithe agus fáil réidh leo, ar bhonn thimthriall beartais an Aontais Eorpaigh,
- cur i gcoinne agus cosc na cibearchoireachta, agus feabhas a chur ar an gcibearshlándáil,

CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí daoine aonair a chosaint, go háirithe iad siúd is leochailí, agus aird ar leith orthu siúd atá thíos leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe,

CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go gcuirfí go gasta chun feidhme na rialacha neartaithe maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, agus an gá atá ann do na húdaráis inniúla uile dlús a chur leis an ngníomhaíocht chun sreabha airgeadais a rianú agus chun sócmhainní a úsáidtear chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú a chalcadh go héifeachtach,

LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine,

CUIREANN SÍ I bhFÁTH an gá le cosaint bonneagar criticiúil a neartú agus a THÁBHACHTAÍ atá sé a chinntiú go mbeadh an athléimneacht, an ullmhacht oibríochtúil agus an comhordú polaitiúil ann chun freagairt do ghéarchéimeanna agus do thubaistí, bíodh siad nádúrtha nó de dhéantús an duine, agus chun déileáil leo agus iad a mhaolú,

AITHNÍONN SÍ gur gá an córas bainistithe comhtháite teorann a neartú agus a nuachóiriú tuilleadh do theorainneacha seachtracha le go gcumhdófaí gach gné de bhainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais, lena n-áirítear an ról lárnach atá aige mar ghné thábhachtach chun slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh a chothabháil agus a fheabhsú, é sin agus na freagrachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna,

CUIREANN SÍ I bhFÁTH A THÁBHACHTAÍ atá sé go ndéanfaí na huirlisí reachtacha atá ann cheana a chomhdhlúthú, agus go mbeadh an feidhmiú níos fearr agus go ndéanfadh gach Ballstát na huirlisí a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach, comhsheasmhach, éifeachtach agus iomlán, agus go ndéanfaí uirlisí nua a fhorbairt, nuair is iomchuí sin, lena n-áirítear uirlisí TFC, bunaithe ar phróiseas dianmheastóireachta ar riachtanas agus breisluach na n-huirlisí sin ó thaobh slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh a neartú,

AG AITHINT DI na dlúthnaisc idir slándáil inmheánach agus slándáil sheachtrach an Aontais agus cur chuige comhtháiteach, comhlántach á úsáid aici arb é is aidhm leis an forluí agus an dúbailt a sheachaint:

– LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le dlús a chur leis an gcomhar agus le malartú an scothchleachtais le tríú tíortha agus le comhpháirtithe tábhachtacha maidir le gnéithe slándála comhleasa, go háirithe, i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena n-áirítear trí thimthriall beartais AE, chomh maith le cumas rialaithe teorann i dtíortha nach Stáit den Aontas Eorpach iad a fheabhsú. I ndáil leis sin, IARRANN SÍ ar an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) agus ar an gCoimisiún cur go gníomhach leis an idirphlé beartais atá ann cheana faoi shlándáil an Aontais leis na tríú tíortha is tábhachtaí, *inter alia*, trí phleananna gníomhaíochta comhpháirteacha a bhunú maidir le comhar oibríochtúil i ndlúthchomhar le gníomhaíocht sheachtrach fhoriomlán an Aontais Eorpaigh,

– CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an géarghá atá ann go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt chun sochaithe cobhsaí a chruthú agus an gá atá le comhar an Aontais Eorpaigh a neartú lena chomhpháirtithe comharsanacha agus na hionstraimí ábhartha airgeadais á gcur san áireamh chomh maith le comhchuibheas níos fearr a áirithiú idir misin agus gníomhaíochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) arna gcistiú ag an Aontas Eorpach mar chuid dá bheartas don chomhar seachtrach,

– Is DÍOL SÁSAIMH DI gur iarr an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 18 Bealtaine 2015 sineirgí a fhorbairt idir CBSC agus na gníomhaithe ábhartha i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, agus IARRANN SÍ ar gach gníomhaí lena mbaineann géarú tuilleadh ar a gcuid iarrachtaí agus tacú le cur chun feidhme na bprionsabal atá sa treochlár “Na Naisc idir an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus Gníomhaíochtaí na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (SSC),a neartú”,

– LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann sineirgí a áirithiú idir an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 agus an próiseas leanúnach straitéiseach machnaimh faoi stiúir an Ardionadaí lena ndírítear ar straitéis leathan Eorpach a fhorbairt i ndáil le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus slándála agus IARRANN SÍ ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar an gCoimisiún an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a chur san áireamh mar aon le doiciméid beartais eile a bhaineann le réimse slándála inmheánaí an Aontais i mbeartais an chaidrimh sheachtraigh agus i mbeartais daonnúla agus forbartha,

– IARRANN SÍ ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis an gComhairle, go háirithe tríd an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) agus tríd an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC), chun nasc a chruthú idir slándáil inmheánach agus sheachtrach an Aontais,

MEASAN SÍ, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí faoi seach, gur ceart aird ar leith a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát chun díriú ar na nithe seo a leanas:

– Feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus inrochtaineacht, go háirithe trí idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise éagsúla a áirithiú agus tríd an roghnú is iomchuí a spreagadh maidir leis an gcainéal don mhalartú faisnéise ábhartha laistigh den chreat dlíthiúil atá ann cheana féin,

– An comhar oibríochtúil a neartú,

– Feabhas a chur ar chosc agus ar imscrúdú gníomhaíochtaí coiriúla agus béim ar leith á leagan ar an gcoireacht eagraithe airgeadais agus ar shócmhainní coiriúla a choigistiú, agus ionsaithe sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear an radacú a chosc agus luachanna a chosaint tríd an gcaoinfhulaingt, an neamh-idirdhealú, saoirsí bunúsacha agus an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh,

– Feabhas a chur ar oiliúint, maoiniú, taighde agus deiseanna nuálaíochta, go háirithe beartas slándála tionsclaíoch a fhorbairt tuilleadh, *inter alia*, i réimsí amhail rialáil teorann, idir-inoibritheacht an trealaimh slándála agus seirbhísí um fhorfheidhmiú an dlí,

- infhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, atá idir shábháilte agus shlán, a fhorbairt agus a chur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar an gcibearshlándáil laistigh den Aontas Eorpach,

CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla, lena n-áirítear úsáid níos fearr a bhaint as comhfhoirne imscrúdaithe agus as ionstraimí eile bunaithe ar prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh,

AITHNÍONN SÍ go mbaineann bagairt thromchúiseach le hairm thine neamhdhleathacha do shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann dlús a chur le cur chun feidhme bearta arb é is aidhm leo feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir le hairm thine, rochtain ar airm thine neamhdhleathacha a laghdú, airm thine a dhíchoimisiúnú agus a dhíghníomhú, chomh maith le comhar le tríú tíortha,

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an creat reachtach maidir le hairm thine a neartú a luaithe is féidir, lena n-áirítear trí íoschaighdeáin láidre chun airm thine a dhíghníomhú agus trí athbhreithniú a dhéanamh go gasta ar Threoir 2008/51/CE maidir le hairm thine, ar aon dul leis na prionsabail a leagtar amach sna conclúidí seo ón gComhairle,

GRÍOSAÍONN SÍ na comhreachtóirí chun teacht ar chomhaontú i ndáil le córas láidir éifeachtach de chuid an Aontais maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) lena mbaineann coimirce dhaingean i ndáil le cosaint sonraí, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bailchríoch a chur ar a chuid oibre chun teacht ar réiteach inbhuanaithe a bheadh slán ó thaobh dlí maidir le sonraí PNR a mhalartú le tríú tíortha,

TUGANN SÍ TREOIR DO COSI:

- doiciméad cur chun feidhme spriocdhírithe a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, trí pháirt a thabhairt do ghníomhaithe ábhartha eile amhail an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus gníomhaireachtaí CGB, ar doiciméad é ina mbeidh liosta de ghníomhaíochtaí tosaíochta chun an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a chur chun feidhme a luaithe is féidir agus faoi mhí Nollaig 2015 ar a dhéanaí,

- chun faireachán a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, tar éis ionchur a fháil ó na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, le tacaíocht ó ghníomhaithe ábhartha eile amhail an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus gníomhaireachtaí CGB, ar an dul chun cinn atá déanta chun an doiciméad cur chun feidhme a chur i ngníomh ar bhonn rialta agus tabharfar é cothrom le dáta dá réir sin,

- tuarascáil a chur chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar i ndáil leis an doiciméad cur chun feidhme a chur i ngníomh ar bhonn rialta,

MOLANN SÍ gur gá aird a thabhairt ar dhoiciméid bheartais eile a bhaineann le réimse shlándáil inmheánach an Aontais, mar aon le rannchuidiú ó Pharlaimint na hEorpa, d'fhonn comhchuibheas agus comhsheasmhacht a áirithiú, nuair a bheidh an doiciméad cur chun feidhme á fhorbairt,

COMHAONTAÍONN SÍ athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus, i gcás inarb iomchuí, trí pháirt a thabhairt do na gníomhaithe ábhartha amhail an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus gníomhaireachtaí CGB,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit uile, ar institiúidí agus ar sheirbhísí an Aontais agus ar ghníomhaireachtaí CGB leas a bhaint as a saineolas agus na hacmhainní is gá a sholáthar chun a áirithiú go dtabharfar freagairt éifeachtach, ar an leibhéal beartais agus ar an leibhéal oibriúcháin araon, chun an doiciméad cur chun feidhme den Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a chur i ngníomh go rathúil.